

Polasaí Uimhearthachta

Coláiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh polasaí a chur le chéile i 2016/ 2017. Bhí na múinteoirí Mata, múinteoirí Eolaíochta, múinteoir Gnó agus múinteoir Tír Eolas ar an gcoiste uimhearthachta.

Scóp

Baineann an polasaí seo le gach scoláire i gColáiste Íde.

Gaol le Ráiteas Misin agus Éiteas na scoile

Ta dlúth cheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde sa Ráiteas Misin.

Is é príomh aidhm na scoile ná “forbairt an duine ina iomláine”. Is é an brí atá le seo ná forbairt ar gach gné de shaol an duine- sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeistéiticiúil, fisiciúil agus morálta. Tá sé mar aidhm againn na daltaí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí.

Réasúnacht

Beifear ag súil le polasaí éifeachtach gníomhach ionas go bhfuil an timpeallacht foghlamtha eagraithe, rud a chinntíonn go gcuirfear oideachas iomlán ar fáil, do gach dalta.

Sainmhíniú

Ciallaíonn an uimhearthacht: Smaointeoireacht agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, Ciall a bhaint as sonraí, Feasacht spásúil a fhorbairt, Patrún agus seichimh a thuiscint agus na cúinsí inar féidir an réasúnaíocht mhatamaiticiúil a úsáid chun fadhbanna a réiteach a aithint.

Aidhmeanna

- Muinín agus dearcadh na scoláirí ó thaobh uimhearthachta de a fheabhsú
- Béim a chur ar na slite go bhfuil Mata/ Uimhearthachta ag teastáil i mórán gnéithe sa saol
- Scileanna a thabhairt dos na daltaí ó thaobh smaoineamh, anailís agus fadhbanna a réiteach trasna na hábhair ar fad

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur í ngníomh go laethúil.

Ról na scoláirí

Baineann an polasaí le seo le gach scoláire sa scoil, tá dualgas orthu na treoireacha a leanúint

Ról na Múinteoirí Ábhair

Nasc Traschuraclaim

Gaeilge	<ul style="list-style-type: none">• Seicheamh• Patrúin• Ord agus eagar aistí• loighic• Uimhreacha- Mata
Béarla	<ul style="list-style-type: none">• Staitisticí – aistí• Dátaí – páipéar 1• Patrún- aistí• Aistriúcháin- aistí• Smaointeach criticiúil• Comhrá
Mata	<ul style="list-style-type: none">• Gach aon ní
Fraincis	<ul style="list-style-type: none">• Google maps – tabhair treoracha ó A go B faigh an fhaid.• Uimhreacha mata simplí• Briathra –seicheamh• An tam a léamh (codáin)• Obair ghrúpaí• Ról – imirt / seiceamh Comhrá• Foirmeacha diúltacha agus ceisteach
Stair	<ul style="list-style-type: none">• Amlínte• Struchtúr Aistí• Dátaí / ord eachtraí (rudaí a thit amach)
Tír Eolas	<ul style="list-style-type: none">• Comhaireamh - daonra 7rl.• Tomhas – Fad an léarscáil• Scála – léamh léarscáil• Grafanna – a thuiscint agus a tharraingt• Staitisticí - a thuiscint
Eolaíocht	<ul style="list-style-type: none">• Aonaid, tomhas, grafanna,• cothromóidí a réiteach• Fisic – Foirlí a úsáid agus athscríobh i dtéarmaí .• Luachanna móra agus beaga.• Nodaireacht Eolaíochta.• Coincheapanna a léiriú trí foirlí.

Eacnamaíocht Bhaile/ OSPS	<ul style="list-style-type: none"> • Tomhas meá, uillinn crolanna • Pírimid bia, uimhearas siombail • Cúrsaí tí– buiséadú, coigilt • Bainistíocht, cáilíocht, costas bia
Ealaín	<ul style="list-style-type: none"> • Ábhar neamh bheo (still life) • Tomhas – spás idir na rudaí • Proportions den figiúir • Peirspictíocht san timpeallacht • Taisteal go B.A.C. cén mhéid an costas don turas
Gnó	<ul style="list-style-type: none"> • Ord agus eagar • Patrún • Grafanna • Cuntasáíocht
Ceol	<ul style="list-style-type: none"> • Rithim, patrún agus seicheamh • Fuaim, rím agus struchtúr
OSSP	<ul style="list-style-type: none"> • Seicheamh • loighic • Uimhreacha

Múinteoir Tacaíocht Foghlama

Aithníonn an scoil ról an múinteoir tacaíocht foghlama a chuireann an tacaíocht cuí ar fáil ar bhonn leanúnach de réir treoireacha an múinteoir ábhair agus moltaí ón measúnú i gcás riachtanais speisialta.

Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

Déanfar comhoibriú na dtuismitheoirí a spreagadh agus a mhúscailt trí chumarsáid leis an bpríomhoide agus múinteoirí tacaíochta foghlamtha tríd na cruinnithe múinteoirí agus le litreacha. Bíonn cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí uair sa bhliain ina ndéantar dul chun cinn an scoláire a phlé.

Bord Bainistíochta

- An Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú thar cheann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Bord Stiúrthóirí

- Is é an Bord Stiúrthóirí a dheineann stiúir ar Coláiste Íde. Aithníonn an coláiste ról na Stiúrthóirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Acmhainní

- Cruthanna sa seomra Eolaíochta
- Acadamh Kahn
- Póstaeir

Plean Gníomhach

Gníomh	Déanta & dáta	Le déanamh & dáta	Cé atá freagrach as?
<ul style="list-style-type: none">• Dhá sheachtain uimhearthachta a reáchtáil le linn na scoilbhliana- ceann i mí Deireadh Fómhair agus ceann i mí Feabhra• Acadamh Kahn á dhéanamh le bliain 5 (Gnáth leibhéal) uair sa tseachtain• Postairí de na botúin is mó a bheith feiceálach timpeall na scoile• Graifanna do thorthaí teisteanna ranganna a choimeád suas go dáta• Moladh: Bliain 1- 30 nóiméad obair bhaile/ dul siar gach oíche, bliain 2-6-45 nóiméad obair bhaile /dul siar gach oíche <p>Taifead</p> <ul style="list-style-type: none">• Tuairisc a choimeád ar chruinnithe Coiste Uimhearthachta na Múinteoirí agus Coiste Uimhearthachta an Scoláirí• Leabhair nótaí tosniathe anois chun cuntas a choimeád ar gnéithe éagsúla uimhearthachta			

Seicliosta Uimhearthachta

Timpeallacht uimhearthachta sa seomra ranga

- Puzail Mata
- Fadhbanna focail a athrú go Mata
- Postairí Uimhearthachta déanta ag na scoláirí

Timpeallacht ábhair saibhir i bprionta

- Póstaeir Uimhearthachta
- Tionscnamh ar daoine cáiliúla sa Mhata, mná agus Mata
- Cúinne/ Clár fógraí Uimhearthachta (Halla an chloig)

Múineadh agus Foghlaim

- Cuspóirí roinnte ag an bhfoireann uile sna cruinnithe foirne
- Cé atá freagrach as uimhearthacht a mhúineadh- nasc traschuraclaim
- Soiléireacht maidir le caighdeán agus torthaí, teisteanna feabhais
- Tuiscint ar leibhéal agus ábaltacht uimhearthachta

Plean Feabhsúcháin Uimhearthachta

- Spriocanna a leagadh síos- Plean ábhair, dialann an scoláire
- Scála ama le haghaidh cur i bhfeidhm- tréimhse bliana
- Múinteoirí freagrach as gníomh a chur i bhfeidhm
- Múinteoirí Ag coimeád taifead i lámhleabhair an mhúinteora
- Aiseolas do dhaltaí
- Athbhreithniú go bliantúil

Áiteanna ina bhfuil gá le feabhas

- Daltaí le deacrachtaí uimhearthachta
- Mata lasmuigh don seomra ranga- seachtain Mata
- Imeachtaí uimhearthachta sa scoil
- Eolas agus scileanna uimhearthachta digiteacha- Khan Academy

Forbairt Proifisiúnta leanúnach

Scoil lonnaithe

Straitéisí go gach mhúinteoir

PDST/ Mata Feidhmeach/ Conamara Maths Academy

Seachtain Uimhearthachta 1 2017/2018

18 Meán Fómhair 2017




Dé Luain	Comórtas Postairí Puzail an Lae Khan academy
Dé Máirt	Ceardlann Mata Puzail an Lae Clárú le Quizlet
Dé Céadaoin	Tráth na gceist - Sóisir Puzail an Lae
Déardaoin	Tráth na gceist- sinsir Puzail an Lae
Dé hAoine	Comórtas Cártaí Puzail an Lae Bronnadh na nduaiseanna
<ul style="list-style-type: none">Beidh cruinniú ag an gcoiste gach Dé Mairt @1:30i.n. i seomra na heolaíochta tar éis a bheith ag a baile don deireadh seachtaine	<ul style="list-style-type: none">Beidh cur i láthair sa seomra d'obair ghrúpa & os comhair Halla Muire

$$(x + a)^n = \sum_{k=0}^n \binom{n}{k} x^k a^{n-k}$$

$$(1 + x)^n = 1 + \frac{nx}{1!} + \frac{n(n-1)x^2}{2!} + \dots$$

Seachtain Uimhearthachta 2 2017/2018

19 Feabhra 2018



Dé Luain	Foirmlí Tionscnamh Mata Ceistneoir an Lae
Dé Máirt	Aoi Chaointeoir Ceistneoir an Lae Khan academy
Dé Céadaoin	Ceardlann Mata Ceistneoir an Lae Quizlet
Déardaoin	Tráth na gceist sóisir agus sinsir Ceistneoir an Lae
Dé hAoine	Tóraíocht taisce- sóisir Ceistneoir an Lae Bronnadh na nduaiseanna
<ul style="list-style-type: none">Beidh cruinniú ag an gcoiste gach Dé Mairt @1:30i.n. i seomra na heolaíochta tar éis a bheith ag a baile don deireadh seachtaine	<ul style="list-style-type: none">Beidh cur i láthair sa seomra d'obair ghrúpa & os comhair Halla Muire

$$(x + a)^n = \sum_{k=0}^n \binom{n}{k} x^k a^{n-k}$$

$$(1 + x)^n = 1 + \frac{nx}{1!} + \frac{n(n-1)x^2}{2!} + \dots$$